# Fáisnéis a fhágáil ar lár ón doiciméad poiblí

## Meán Fómhair 2024

De réir a hoibleagáidí, cinntíonn an Chúirt Ghinearálta, agus í ag gníomhú ina cáil bhreithiúnach, go réiteofar prionsabal na gcúirteanna oscailte agus faisnéis phoiblí don saoránach:

- le sonraí pearsanta daoine nádúrtha a chosaint[1]

agus

- le sonraí seachas sonraí pearsanta daoine nádúrtha a luaitear sna cásanna os a comhair a chosaint.

[1] Féach Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, lch. 39).

## Caingne díreacha[2]

### Sonraí pearsanta daoine nádúrtha a fhágáil ar lár

Féadfaidh aon ionadaí ar pháirtí i gcás os comhair na Cúirte Ginearálta iarratas a dhéanamh sonraí pearsanta duine nádúrtha, páirtí dá ndéanann sé ionadaíocht nó tríú páirtí, a fhágáil ar lár ó na himeachtaí ionas nach gcuirtear céannacht an duine lena mbaineann in iúl don phobal. Féadfaidh ionadaí an iarratasóra ar idiragairt iarratas den sórt sin a dhéanamh freisin.

I ndáil leis sin, foráiltear le **hAirteagal 66(1)** de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta 'I gcúrsa na n-imeachtaí, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh, uaithi féin nó ar iarratas ó pháirtí arna thíolacadh i ndoiciméad ar leith, sloinnte agus céadainmneacha daoine nádúrtha, cibé acu an páirtithe nó tríú páirtithe iad, agus aon sonraí pearsanta eile de chuid na ndaoine nádúrtha sin, a luaitear sna doiciméid agus san fhaisnéis a bhaineann leis an gcás a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, a fhágáil ar lár'.

Mar gheall ar fhorbairt inneall cuardach ar an idirlíon agus de bharr go bhfuil rochtain ag gach duine ar fhaisnéis a bhaineann le himeachtaí cúirte a fhoilsíonn nó a scaipeann an Chúirt Ghinearálta, díríonn Cláraitheoir na Cúirte sin aird ionadaithe na bpáirtithe os comhair na Cúirte Ginearálta i gcónaí chuig Airteagail 35(3), 79 agus 122 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta maidir le foilsiú agus scaipeadh ar an idirlíon na ndoiciméad a bhaineann le cásanna arna dtabhairt, chomh maith le hAirteagal 66 de na Rialacha Nós Imeachta. Iarrtar ar na hionadaithe mar sin machnamh a dhéanamh, sa chás lena mbaineann, ar chóir céannacht an pháirtí dá ndéantar ionadaíocht nó tríú páirtí nó aon sonraí pearsanta eile na ndaoine nádúrtha sin a choinneáil faoi rún, agus, más gá sin, iarrtar orthu iarratas a dhéanamh i ndoiciméad ar leith ar na sonraí pearsanta lena mbaineann, ar chóir a shonrú, a fhágáil ar lár.

### Sonraí seachas sonraí pearsanta daoine nádúrtha a fhágáil ar lár

Féadfaidh aon ionadaí ar pháirtí i gcás os comhair na Cúirte Ginearálta iarratas a dhéanamh sonraí seachas sonraí pearsanta duine nádúrtha, amhail ainm duine dhlítheanaigh nó sonraí faoi thrádáil nó rúin ghnó, a fhágáil ar lár ó na himeachtaí. Féadfaidh ionadaí an pháirtí ar idiragairt iarratas den sórt sin a dhéanamh freisin.

I ndáil leis sin, foráiltear le **hAirteagal 66a(1)** de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta 'Le linn na n-imeachtaí, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh, uaithi féin nó ar iarratas réasúnaithe ó pháirtí arna thíolacadh i ndoiciméad ar leith, sonraí seachas sonraí pearsanta daoine nádúrtha, a luaitear i ndoiciméid agus i bhfaisnéis a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, a fhágáil ar lár, má tá cúiseanna dlisteanacha ann gan na sonraí sin a nochtadh go poiblí'.

---

[2] Sainmhínítear an téarma "caingne díreacha" in Airteagal 1(2)(j) de na Rialacha Nós Imeachta mar "na caingne go léir is féidir a thaisceadh sa Chúirt Ghinearálta, cé is moite d'iarrataí ar réamhrialú".

## Tabhair faoi deara

- Ní mór an t-iarratas ar shonraí a fhágáil ar lár a chur faoi bhráid Chlárlann na Cúirte Ginearálta **tráth a thaiscfear an chéad doiciméad nós imeachta**, agus, in aon chaoi, sula ndéanfar faisnéis maidir leis an gcás lena mbaineann a fhoilsiú nó a scaipeadh ar an idirlíon, ionas nach gcuirfí i mbaol an éifeacht phraiticiúil a bheadh ag na sonraí sin a fhágáil ar lár.
- Ní mór an t-iarratas a dhéanamh i **ndoiciméad ar leith**.
- Ní mór na **sonraí a bhaineann leis an iarratas a shonrú go beacht** san iarratas sin.
- Is cóir a lua san iarratas ar **shonraí seachas sonraí pearsanta daoine nádúrtha** dá dtagraítear in Airteagal 66a de na Rialacha Nós Imeachta na cúiseanna dlisteanacha nár chóir na sonraí sin a nochtadh go poiblí.

**Is cóir do pháirtithe breathnú ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus ar na Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta (go háirithe míreanna 62 go 68).**

## Cásanna réamhrialaithe[3]

### Sonraí ón gcúirt a rinne an tarchur a anaithnidiú agus a fhágáil ar lár

Sa chás go ndéanann an chúirt nó an binse a rinne an tarchur sloinne agus céadainm na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear san iarraidh ar réamhrialú a fholú, nó go gcinneann an chúirt nó an binse a rinne an tarchur nithe eile lenar féidir iad a aithint nó sonraí a bhaineann le daoine nádúrtha nó le heintitis lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí, cibé acu an páirtithe nó tríú páirtithe sa díospóid sin iad, a fhágáil ar lár, cloífidh an Chúirt Ghinearálta leis an bhfolú nó leis an bhfágáil ar lár sin sna himeachtaí atá ar feitheamh os a comhair (**Airteagal 201(1)** de na Rialacha Nós Imeachta).

Mar sin féin, i gcás inar mian le páirtí i gcás réamhrialaithe os comhair na Cúirte Ginearálta go nochtfar a chéannacht agus na sonraí a bhaineann leis i gcomhthéacs an cháis sin, is féidir leis dul i dteagmháil leis an gCúirt Ghinearálta ionas go gcuirfí deireadh leis an bhfolú a rinneadh cheana (**mír 70** de na Rialacha Cleachtais).

### Sonraí pearsanta a anaithnidiú agus a fhágáil ar lár ag an gCúirt Ghinearálta as a stuaim féin

Tar éis an iarraidh ar réamhrialú a thaisceadh agus ach amháin in imthosca speisialta, déanfaidh an Chúirt Ghinearálta sloinne agus céadainm na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear san iarraidh ar réamhrialú a fholú agus, i gcás inarb iomchuí, nithe eile lenar féidir iad a aithint i gcás nach ndearna an chúirt a rinne an tarchur amhlaidh sular seoladh an iarraidh ar réamhrialú nó nach ndearna an Chúirt Bhreithiúnais amhlaidh, sular cuireadh an iarraidh ar aghaidh chuig an gCúirt Ghinearálta. Ní mór do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht cloí leis an bhfolú sin ina mbarúlacha (**mír 69** de na Rialacha Cleachtais).

Mar sin féin, i gcás inar mian le páirtí i gcás réamhrialaithe os comhair na Cúirte Ginearálta go nochtfar a chéannacht agus na sonraí a bhaineann leis i gcomhthéacs an cháis sin, is féidir leis dul i dteagmháil leis an gCúirt Ghinearálta ionas go gcuirfí deireadh leis an bhfolú a rinneadh cheana (**mír 70** de na Rialacha Cleachtais).

---

[3] Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta iarrataí ar réamhrialú ón gCúirt Bhreithiúnais a éisteacht agus a chinneadh, a thagann go heisiach faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha seo a leanas:

- an comhchóras cánach breisluacha;
- dleachtanna máil;
- an Cód Custaim;
- rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte;
- cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó moill ar sheirbhísí iompair nó cealú seirbhísí iompair;
- an córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.

## Sonraí pearsanta daoine nádúrtha a anaithnidiú agus a fhágáil ar lár arna iarraidh sin

Sa chás go measann an chúirt nó an binse a rinne an tarchur nó páirtí sna príomhimeachtaí gur gá sonraí pearsanta áirithe a bhaineann leis an bpáirtí sin nó duine nádúrtha amháin nó níos mó lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí, cibé acu an páirtithe nó tríú páirtithe sa díospóid sin iad, a fhágáil ar lár in imeachtaí réamhrialaithe atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta, is féidir leo dul i dteagmháil leis an gCúirt ionas nach nochtfar na sonraí sin don phobal.

I ndáil leis sin, foráiltear le **hAirteagal 201(2)** de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta 'Ar iarratas ón gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur, ar iarratas ó pháirtí sna príomhimeachta [...], féadfaidh an Chúirt Ghinearálta [...] iarraidh ar réamhrialú a anaithnidiú nó a chinneadh sonraí pearsanta duine nádúrtha amháin nó níos mó lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí, cibé acu an páirtithe nó tríú páirtithe sa díospóid sin iad, a fhágáil ar lár'.

## Tabhair faoi deara

- Áirithíonn an Chúirt Ghinearálta, i bhfoilseachán uile a dhéantar i gcomhthéacs cás réamhrialaithe, go gcuirtear inisealacha randamacha in ionad ainmneacha na ndaoine nádúrtha a luaitear sa chás. Nuair is gá, déanfaidh an Chúirt Ghinearálta nithe breise an cháis a neodrú freisin, ar nithe iad lena bhféadfar na daoine lena mbaineann a aithint.
- Coinníonn an Chúirt Ghinearálta an fhéidearthacht maolú ó inisealacha randamacha uathoibríoch a chur in ionad ainmneacha na ndaoine nádúrtha a luaitear sa chás, i gcás iarratas sainráite ón duine lena mbaineann nó má thugann imthosca speisialta an cháis údar maith leis.
- Chun a éifeachtúlacht a áirithiú, ní mór an t-iarratas ar shonraí pearsanta a fhágáil ar lár a dhéanamh chomh luath agus is féidir, agus in aon chás roimh an bhfógra maidir leis an gcás a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó an iarraidh ar réamhrialú a sheirbheáil ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht (**mír 70** de na Rialacha Cleachtais).

- Mar riail ghinearálta, d’fhonn éascú ainmniú agus sainaithint an cháis réamhrialaithe a bhí faoi réir fholú na sonraí lenar féidir na daoine nádúrtha lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí a aithint, tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta ainm bréagach don chás réamhrialaithe atá i gceist. Ní fhreagróidh an t-ainm bréagach sin d’fhíorainm aon cheann de pháirtithe na n-imeachtaí, nó, i bprionsabal, d’aon ainm atá ann cheana (**mír 71** de na Rialacha Cleachtais).
- Baineann cosaint sonraí pearsanta le gach foilseachán a dhéanfar mar chuid de láimhseáil an cháis, óna thabhairt isteach go dtí a chlabhsúr (e.g. fógraí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, faisnéis a chuirtear ar fáil ar shuíomh gréasáin Curia, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta, orduithe arna nglacadh le linn na n-imeachtaí agus na breitheanna lena gcuirtear clabhsúr le himeachtaí), chomh maith le hainm an cháis féin agus na meiteashonraí gaolmhara. Déantar sonraí a bhaineann le heintitis lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí, arna bhfolú ag an gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur, ina hiarraidh ar réamhrialú, a chosaint ar bhealach coibhéiseach freisin.

**Is cóir do pháirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht breathnú ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus ar na Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta (go háirithe míreanna 69 go 71).**